Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15566/22**

**CES 38**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh dar dáta an 22 Deireadh Fómhair 2021, chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa in iúl don Chomhairle go raibh Gabriele MÜLLER-LIST, comhalta den Choiste[1], tar éis éirí as oifig.

2. I litir dar dáta an 10 Deireadh Fómhair 2022, mhol Rialtas na Gearmáine Andreas KRUSE, *Mitglied im Vorstand der Bundesarbeitsgemeinschaft der Seniorenorganisation e.V. (BAGSO)* (Comhalta de Bhord Chomhlachas Náisiúnta na Gearmáine d'Eagraíochtaí Seanóirí (BAGSO)), lena gceapadh mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025[2].

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, ceapann an Chomhairle comhaltaí an Choiste tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

[1] 14047/21.
[2] 13673/22.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 25 Deireadh Fómhair 2022 agus thug sé tuairim fhabhrach uaidh an 6 Nollaig 2022[3].

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 15567/22 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] C(2022) 8759.